CEACHT 32

AINMHITHE FEIRME



Pictiúr: Radharc:

(a) Teach na seanmháthar, Páid, Bríd agus an tseanmháthair i gclós na feirme, cearc, sicíní, gé. (b) Páid agus a sheanathair sa pháirc, lao, buicéad bainne, bó ag ithe féir, tarbh i bpáirc eile, muca, caora, uain. Ciorcal cainte.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

Céim 4: coileach, asal (Ceacht 33).

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Bhí Bríd agus Páid i dteach a seanmháthar. Chuaigh siad amach sa chlós. Chonaic siad cearc agus sicíní beaga buí. Bhí eagla ar Bhríd nuair a tháinig an ghé. Chuaigh Páid trasna na páirce lena sheanathair. Thug siad bainne don lao óg. Bhí an bhó ag ithe féir sa pháirc. Chonaic Páid tarbh sa pháirc eile. Níor mhaith leis na muca. Bhí siad róshalach. B'fhearr leis an chaora agus na huain óga.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Bhí Bríd agus Páid sa bhaile?
Chuaigh siad amach in áit éigin?
Chonaic siad éin?
Bhí áthas ar Bhríd nuair a chonaic sí an ghé?
Céard a rinne Páid?
Thug siad féar don lao óg, is dócha?
Céard faoin mbó?
Agus an tarbh?
Ba mhaith leis na muca, is dócha?
Cén fáth?
B'fhearr leis ainmhithe éigin eile?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. (a) Chonaic siad *cearca.*

   (*sicíní, coileach, bó, gé, muc, tarbh, lao, asal, caora, uan, éan, ainmhí*).

   Níor mhiste roinnt d'ainmneacha na n-éan agus na n-ainmhithe i gcomharsanacht na scoile nó an bhaile a thabhairt isteach anseo.

   (b) Ceisteanna ó pháistí eile: "An bhfaca tú *bó*?"—"Ní fhaca, ach chonaic mé *caora*".

2. Bhí eagla ar Bhríd nuair a . . . .

(*chonaic, tháinig, chuaigh, chuala, rug, d'fhág, chuir, ghlaoigh, d'imigh, labhair . . . .*)
Páistí éagsúla ag críochnú na habairte seo.

3. *Thug* siad bainne don lao óg.

(*anois, amárach, gach lá;* níor, ar?: *inné*; an? ní: *amárach*).

4. Cleachtadh ar na múnlaí seo:

Níor mhaith *leis* . . . B'fhearr *leis* . . .
Níor mhaith *liom* . . . B'fhearr *liom* . . .
Níor mhaith *léi* . . . B'fhearr *léi* . . .
Níor mhaith *leo* . . . B'fhearr *leo* . . .

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma:
   Bríd agus Páid ag caint i gclós na feirme.
3. Bhí Páid ar an bhfeirm lá amháin. Ní raibh Bríd. Páid ag insint di cad iad na héin agus na hainmhithe a chonaic sé.
4. Páiste ag déanamh aithrise ar fhuaimeanna agus ar ghluaiseachtaí na n-ainmhithe—an rang ag tomhas cad iad na hainmhithe atá i gceist
   nó
   Cluiche .i. an tarbh ag rith i ndiaidh na bpáistí a chuaigh isteach i bpáirc gan chead.
5. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

Curfá

Tá feirm mhór ag Uncail Seán,
Ag Uncail Seán, ag Uncail Seán
Sé Uncail Seán an feirmeoir
Is tá sé lánsásta.

I

Ó an mhuc, ó tá sí gránna,
Tá sí gránna, tá sí gránna,
Tugann sí feoil don fheirmeoir
Ó an mhuc, gruth, gruth . . .

Curfá

II

Caora bhán is dhá uan bheaga,
Tá siad go hálainn istigh sa pháirc,
Tugann sí olann don fheirmeoir
Caora bhán, ma-a . . .

Curfá

III

Bó agus lao istigh sa pháirc,
Bó an-mhór, lao an-bheag,
Tugann sí bainne don fheirmeoir.
Bó agus lao, mú . . .

Curfá

IV

Capall láidir istigh sa pháirc,
Capall láidir, capall breá;
Ag obair sa pháirc, ag tarraingt cairr
Capall láidir, né, né, né.

Curfá